2025/1507

29.7.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1507 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Iúil 2025

lena ndiúltaítear iarratas ar chosaint ar thásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 52(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 'Erzurum Su Böreği' (TGFC)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 4762)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 90(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), lena ndearnadh Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a aisghairm, leanann an dara Rialachán acu de bheith infheidhme maidir leis na hiarratais ar chlárú tásc geografach a fuair an Coimisiún roimh an 13 Bealtaine 2024.

(2) De bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas ar chlárú an ainm 'Erzurum Su Böreği' mar thásc geografach faoi chosaint (TGFC), arb iarratas é a chuir an Tuirc isteach an 1 Iúil 2021 (PGI-TR-02781).

(3) Tar éis grinnscrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chlárú, chuir an Coimisiún fógra maidir le barúlacha chuig an iarratasóir an 11 Deireadh Fómhair 2021, an 2 Nollaig 2022, an 7 Iúil 2023 agus an 21 Nollaig 2023 inar iarr sé soiléiriú ar ghnéithe áirithe den chomhad.

(4) Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus chuir sé in iúl don iarratasóir leis an litir dhiúltaithe dar dáta an 1 Iúil 2024, mura mbeidh aon bharúil faighte laistigh de 2 mhí tar éis dó an litir a fháil, go bhfuil sé ar intinn aige tús a chur leis an nós imeachta chun cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún a ghlacadh lena ndiúltaítear an t-iarratas de bhun Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(5) Go háirithe, mheas an Coimisiún nach gcomhlíonann an tuairisc ar an táirge a soláthraíodh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 7(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]), i gcomhar le hAirteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c)(i), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ós rud é nach bhfuil an tuairisc dírithe ar shainiúlacht an táirge ar a bhfuil an t-ainm atá le clárú agus nach féidir an táirge deiridh a shainaithint léi. Is cineál sonrach pastae é 'Erzurum Su Böreği' agus ní thugtar saintréithe sonracha an táirge sa tuairisc air. Ina theannta sin, ní shainaithnítear sa tuairisc cén difear atá idir é agus pastaetha comhchosúla eile, agus seachas sin, tá sé scríofa i bhfoirm oidis ina dtugtar mionsonraí ar an bpróiseas ullmhúcháin, rud a bhaineann le táirgí den chineál sin. Dá bhrí sin, ní féidir an táirge a shainaithint leis, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/668/oj).

(6) Thairis sin, léirigh an Coimisiún nach sainaithnítear an nasc idir cáilíocht, clú nó saintréithe eile an táirge agus an limistéar geografach i gcomhréir le hAirteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c)(ii), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Chuir an Coimisiún san áireamh go bhféadfaí saintréithe an táirge a maíodh a bheith sonrach a atáirgeadh i ngach áit, is é sin láithreacht Erzurum Civil Peynir (cáis) agus Erzurum Tereyağı (im) sa táirgeadh chomh maith leis an bpróiseas fuinte. Measadh nár leordhóthanach go ndéantar an pastae laistigh den limistéar geografach, gan tuilleadh sonraí a thabhairt ar shaintréithe sonracha 'Erzurum Su Böreği' agus ar an nasc idir cáilíocht, clú nó saintréithe eile an táirge agus a thionscnamh geografach.

(7) Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl nach sainaithnítear sa doiciméad aonair dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, a chuir an t-iarratasóir isteach, cé acu atá an nasc idir 'Erzurum Su Böreği' agus an limistéar geografach críochaithe bunaithe ar chlú nó ar shaintréithe 'Erzurum Su Böreği' atá inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh mar a iarrtar le hAirteagal 5(2), pointe (b), den Rialachán sin agus le pointe 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.

(8) Ar deireadh, mhínigh an Coimisiún go bhfuil easpa faisnéise sa tsonraíocht táirge maidir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an inrianaitheacht a áirithiú, is é sin tionscnamh, ceann scríbe agus cainníochtaí 'Erzurum Su Böreği' agus na hamhábhair a úsáidtear chun é a tháirgeadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.

(9) Sa fhreagra ón iarratasóir an 2 Meán Fómhair 2024, thug sé cuntas ar stair chúige Erzurum agus sholáthair sé tagairtí stairiúla maidir leis an tábhacht a bhaineann le táirgí den chatagóir chéanna le 'Erzurum Su Böreği', is é sin pastae uisce nó Su Böreği, gan díriú ar ainm an táirge a bhfuil cosaint á lorg ina leith.

(10) Thairis sin, níor sholáthair an t-iarratasóir aon bharúil maidir leis an easpa faisnéise faoi shaintréithe sonracha an táirge deiridh ar a bhfuil an t-ainm atá le clárú. Níl san iarratas mar atá ach tuairisc ar phróiseas táirgthe coiteann le haghaidh gach táirge pastae uisce nó Su Böreği, rud nach féidir an táirge a shainaithint leis.

(11) Níor thug an t-iarratasóir freagra ar na barúlacha ón gCoimisiún maidir leis an easpa faisnéise faoin nasc idir cáilíocht, clú nó saintréithe eile an táirge agus an limistéar geografach. Thairis sin, níor shainaithin an t-iarratasóir cé acu atá an nasc idir 'Erzurum Su Böreği' agus an limistéar geografach críochaithe bunaithe ar chlú nó ar shaintréithe 'Erzurum Su Böreği' atá inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh.

(12) Ar deireadh, níor sholáthair an t-iarratasóir an fhaisnéis is gá faoi na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag oibreoirí maidir le cruthúnas tionscnaimh an táirge, na n-amhábhar, na beatha agus na n-eilimintí eile is gá chun a chruthú, de réir na sonraíochtaí, gur as an limistéar geografach sainithe a thagann siad.

(13) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an t-iarratas ar chlárú 'Erzurum Su Böreği' mar TGFC na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(2), pointe (b), Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointí (c)(i) agus (ii) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus in Airteagal 7(1) agus pointe 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart an t-iarratas ar chosaint an ainm 'Erzurum Su Böreği' mar TGFC a dhiúltú.

(15) Glactar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Diúltaítear an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Erzurum Su Böreği' mar thásc geografach faoi chosaint (TGFC).

Airteagal 2

Is chuig an iarratasóir a dhírítear an Cinneadh seo:

Erzurum Commodity Exchange (Erzurum Ticaret Borsası)
Kazım Karabekir Paşa Mah. Musalla Cad. Uimh:23
Yakutiye, Erzurum
TÜRKIYE

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún